Am Topaice

Cuid 1 (Bileog Trí Fhilleadh)

Tá tú le bileog a fhilleann in a trí chuid a dhéanamh, bunaithe ar ábhar a raibh tú ag foghlaim faoi sa rang. Pleanáil cad é a chuirfidh tú i do bhileog. B'fhéidir gur mhaith leat roinnt bileog a bhailiú agus amharc orthu le daoine eile i ngrúpa, ag tabhairt airde ar léiriú eolais, ar leagan amach, ar chlónna agus ar ghrafaicí.

Cuardaigh eolas agus grafaicí ar an Idirlíon/CD-ROManna nó bain úsáid as íomhánna scanta nó as grianghraif.

Coinnigh nóta de na suíomhanna ar thug tú cuairt orthu.

Roghnaigh bogearraí cuí leis an bhileog a dhéanamh.

Bain úsáid as boscaí téacs le do théacs féin a chur isteach agus déan é a fhormáidiú ar bhealach cuí.

Bain úsáid as barra uirlisí na bpictiúr le híomhá, le graif nó le tábla a roghnaigh tú a chur in eagar agus cuir isteach i do bhileog é.



Sábháil agus priontáil do bhileog agus pléigh na feabhsuithe is féidir a dhéanamh le daoine eile.

Déan cibé feabhsuithe atá de dhíth agus sábháil do chuid oibre.

Am Topaice

Cuid 1 (Cur i Láthair)

Cruthaigh do chur i láthair féin bunaithe ar ábhar a raibh tú ag foghlaim faoi sa rang.



Pleanáil cad é a chuirfidh tú ar gach sleamhnán. Cuardaigh eolas agus grafaicí ar an Idirlíon/CD-ROManna.

Cuimhnigh ar an leagan amach, agus tú ag cruthú do chuid sleamhnán, ag baint úsáide as téacs, as fuaim agus as íomhánna gluaiste nó neamhghluaiste.

Roghnaigh stíleanna agus éifeachtaí cuí trí theimpléid deartha sleamhnán a úsáid.

Cuir grafaicí in eagar, mar shampla, trí mhéid a athrú, iad a rothlú, úsáid a bhaint as ciumhais, iad a ghéarú.

Bain úsáid as boscaí téacs agus urchair.

Amharc ar do chur i láthair agus déan cinneadh ar ord na sleamhnán, agus ansin cuir trasdulta i bhfeidhm idir na sleamhnáin lena fheabhsú.

Déan eagarthóireacht ar do chur i láthair agus sábháil é i bhfillteán ainmnithe, agus oscail an comhad arís nuair a bheas sé de dhíth.

Taispeáin do chur i láthair don rang agus pléigh feabhsuithe ar bith is féidir a dhéanamh. Déan athruithe ar bith atá de dhíth agus sábháil arís é.

Am Topaice

Cuid 2 (Bileog Trí Fhilleadh)

Roghnaigh bogearraí/teimpléad cuí le bileog a dhéanamh a fhilleann ina trí chuid.

Déan íomhánna agus téacs cuí a aimsiú agus a roghnú as réimse foinsí, ag léiriú tuisceana ar spriocghrúpa agus ar aidhm.

Bain úsáid as boscaí téacs le do théacs féin a chur isteach. Déan boscaí téacs a nascadh le sreabhadh téacs a cheadú. Déan an téacs a fhormáidiú.

Bain úsáid as gnásanna grúpála, mar shampla, pictiúr agus teideal.

Bain úsáid as uimhreacha leathanaigh nó ceanntásca agus buntásca más cuí.

Cruthaigh Fillteán Topaice leis an obair seo a choinneáil ann agus bain úsáid as an fhillteán seo le fo-fhillteáin a chruthú ina bhfuil íomhánna a úsáidtear sa bhileog - grianghraif/íomhánna scanta, grianghraif dhigiteacha, naisc ghréasáin, srl.

Scríobh alt gairid ar an dóigh a ndearna tú an tasc agus sainaithin na fadhbanna a casadh ort.

Aimsigh do bhileog i d'fhillteán topaice.
Cuir ar taispeáint ar chlár bán nó ar inlíon na scoile í agus iarr ar an rang a mbarúlacha a thabhairt.
Déan athruithe ar bith atá de dhíth agus sábháil arís í.

Am Topaice

Cuid 2 (Cur i Láthair)

Tá tú le do chur i láthair ilmheáin féin a chruthú ar ábhar a raibh tú ag foghlaim faoi sa rang ina léireoidh tú tuiscint shoiléir ar spriocghrúpa agus ar aidhm.

Pleanáil cad é a chuirfidh tú ar gach sleamhnán. Cuardaigh réimse íomhánna gluaiste agus neamhghluaiste, fuaimeanna agus téacsanna ar an Idirlíon.

Bain úsáid as réimse uirlisí le grafaicí a chur in eagar, mar shampla bearr, athdhathaigh, athraigh codarsnacht, gile srl.

Bain úsáid as réimse gnéithe leis an chur i láthair a fheabhsú, amhail hipearnaisc agus rudaí leabaithe amhail fuaim agus físchomhaid.

Bain úsáid as beochan le do shleamhnáin a bheochan agus cuir trasdulta cuí i bhfeidhm.

Athraigh seicheamhú na sleamhnán más gá.

Cuir na gnéithe thuas le chéile leis an chur i láthair/an cur i láthair lúb-amaithe a fheabhsú lena thaispeáint.

Cuir "pleanáil, déan, athbhreithnigh" i bhfeidhm go rialta le do chuid oibre a fheabhsú.

Am Topaice

Cruthaigh Fillteán Topaice leis an obair seo a shábháil ann agus bain úsáid as an fhillteán seo le fo-fhillteáin a chruthú ina bhfuil íomhánna a úsáideadh i do chur i láthair, mar shampla grianghraif/íomhánna scanta, grianghraif dhigiteacha, naisc ghréasáin srl.

Bain úsáid as uainiú cuí le do chur i láthair a thaispeáint don rang.

Labhair faoi agus déan cur síos ar an phróiseas ar thug tú faoi agus pléigh na rudaí a thiocfadh leat a dhéanamh ar dhóigh eile.

Taispeáin do chuid oibre don rang.

Meas na freagraí a thugann siad agus cuir athruithe i bhfeidhm más gá.